



Cód Iompair an Choláiste

Braitheann rannpháirtíocht an scoláire sa scoil ar an scoláire ag glacadh agus ag cloí leis na rialacha thíosluaite agus le rialacha eile a d'fheadfaí a chur i bhfeidhm ó am go chéile.

1. Gaeilge

Ciallaíonn briseadh Riail na Gaeilge: abairt iomlán i mBéarla a labhairt sa scoil nó ar aon ócáid scoile.

Smachtbhanna:

Má tharlaíonn sé go mbristear an Riail, is mar seo a chuirfear polasaí an Choláiste i bhfeidhm:

- i. Dalta a bhriseann Riail na Gaeilge, cuirtear chuig an Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach é/í. Glaofar ar na tuismitheoirí/caomhnóirí.
Cuirfear nóta ar *VS Ware agus litir abhaile*. Cuirtear iachall ar an dalta teacht isteach ag a 8r.n. chun obair phionóis a dhéanamh.
- ii. Má bhristear an Riail don dara huair sa scoilbhliain céanna, cuirtear an dalta ar fionraí inmheánach an lá dar gcionn agus buailfidh sé/sí le hionadaí den Choiste Gaeilge.
Rachaidh an scoil i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí.
- iii. Má bhristear an Riail don tríú huair sa scoilbhliain céanna, cuirtear an dalta ar fionraí baile lae agus buailfidh an tuismitheoir/caomhnóir agus an dalta leis an bPríomhoide/Príomhoide Tánaisteach.
- iv. Má bhristear an Riail don cheathrú huair sa scoilbhliain céanna, cuirtear an dalta ar fionraí baile lae agus buailfidh an tuismitheoir/caomhnóir agus an dalta le hionadaí den Bhord Bainistíochta.
- v. Má bhristear an riail ina dhiaidh sin sa scoilbhliain céanna, buailfidh an tuismitheoir/caomhnóir agus an dalta leis an mBord Bainistíochta agus pléifear todhchaí an dalta sa scoil.

NB: Cuirfear litir abhaile agus nóta ar *VSWare* ag gach céim sa phróiseas.

Deimhním go nglacaim leis an riail seo.

Síniú an tuismitheora/chaomhnóra: _____

Síniú an dalta: _____

Dáta: _____

2. Éide Scoile

- i. Caithfidh na daltaí éide scoile i gcónaí agus ina n-iomláine, chomh maith le héadach cóiriúil le haghaidh spóirt.
- ii. Tá gach dalta freagrach as a (h)éide scoile féin
- iii. Ní ghlacfar le faisin ghruaige nó smide nach luíonn le nádúr foirmiúil shaol na scoile. Is faoin gCeann Bliana/múinteoir ranga a bheas sé breithiúnas a dhéanamh.
- iv. Tá cead: fáinní cluasa beaga amháin mar tá sábháilteacht ina gné lárnach den riail seo.

Smachtbhanna:

- I gcás cótaí míchearta agus seodra coiscthe bainfear iad ón scoláire lena gcoinneáil go deireadh an téarma.
- D'fhéadfaí go gcuirfí an dalta abhaile go mbeidh éide scoile iomlán á caitheamh aige/aici

3. Tinreamh

- i. Ní mór do dhaltaí freastail ar scoil gach lá.
- ii. Ba cheart coinní dochtúra, fiacóra agus laethanta saoire a shocrú taobh amuigh d'am scoile.
- iii. Is féidir asláithreachtaí a chlárú ar aip na scoile
- iv. Ní mór do dhalta an múinteoir ábhar a chur ar an eolas má bhíonn air/uirthi a bheith as láthair ón rang.

4. Poncúlacht.

- i. Ní mór do gach dalta a bheith in am ag **teacht ar scoil** agus ag **dul chuig ranganna**.
- ii. Beidh dalta ar fanacht siar má bhíonn 4 lá ná níos mo cailte acu sa mhí

Smachtbhanna:

Coinnítear an dalta siar ar feadh uair a' chloig an lá dár gcionn.

5. Sábháilteacht

- i. Tá cearta ag gach dalta. Ar an ábhar sin, ní ghlacfar le maistíneacht d'aon chineál. Níl cead cur isteach ar scoláirí eile, ná ar a sealúchas.
- ii. Ní cheadaítear do dhalta a bheith ag troid nó ag achrann ag aon am.
- iii. Níl cead ag scoláirí a gcarranna a pháirceáil ar thalamh na scoile.
- iv. Is trí dhoras na ndaltaí a rachaidh daltaí isteach agus amach ón scoil i gcónaí.
- v. Ní fhágfaidh daltaí talamh na scoile gan chead ó mhúinteoir ranga/ceann bliana.
- vi. Níl cead damáiste a dhéanamh d'aon chuid de shealúchas an choláiste.
- vii. Níl cead dul chuig taisceadáin nó leithreas idir nó i rith ranganna.
- viii. Tá cosc iomlán ar sceana, pinn laser agus uirlisí baolacha eile ar scoil.
- ix. Níl cead dul i ngiorracht d'aon cheantar atá as teorainn, go sealadach nó go fadtéarmach.
- x. Tá cosc iomlán ar mhí-úsáid ábhair shláinte agus shábháilteachta

6. Glaineacht

- i. Tá cosc iomlán ar ghraifítí
- ii. Ní cheadaítear guma coganta a thabhairt ná a ithe ar scoil.
- iii. Ní mór an scoil a choimeád glan néata, boscaí bruscair a úsáid, gan bia &rl a chaitheamh agus gan siúl thar phíosáí bruscair.
- iv. Níl cead Tippex a úsáid.

7. Mí-Úsáid Substaintí

- i. Ní cheadaítear alcól, tobac, galtoitíní drugaí, ná substaintí baolacha eile a úsáid ar scoil, ná ar aon ócáid scoile.

8. Freagracht & Iompar

- i. Beifear ag súil le deá- iompar agus deá- bhéasa ó gach dalta agus é/í ag déileáil le foireann agus daltaí an choláiste
- ii. Tá sé de dhualgas ar gach dalta a c(h)uid obair bhaile a dhéanamh go cruinn agus go hiomlán i gcónaí.
- iii. Beifear ag súil go nglacfaidh daltaí páirt in imeachtaí scoile – foirne spóirt, díospóireacht & srl.,
- iv. Caithfear an Dialann Scoile a bheith in úsáid i gcónaí agus gan scriosadh ar bith a bheith déanta uirthi
- v. Is faoi chúram an dalta atá sé comhfhreagras ón scoil a thabhairt don tuismitheoir / chaomhnóir.
- vi. Tá cosc ar sheinnteoirí ceoil phearsanta agus a leithéid ar scoil.
- vii. Caithfidh fóin soghluaiste a bheith sna púitsí fóin le linn am scoile.
- viii. Tá cosc iomlán ar thaifeadadh sa scoil, idir íomhá agus fhocail.*
- ix. Beifear ag tnúth le macántacht ó dhaltaí i gcónaí.
- x. Níl aon chead gearradh isteach ar scuaine an tsiopa
- xi. Níor cheart cur isteach ar chinnirí

**Níl cead pictiúr a ghlacadh de dhuine ar bith i ngan fhios. Níl cead pictiúr/íomhá de dhuine ar bith a chur ar an idirlíon gan cead a fháil ón duine roimh ré.

9. Fóin Phóca agus Uirlisí Taifeadta:

- i. Glactar leis i gColáiste Chilliaín gur uirlisí an-úsáideach iad na fóin phóca nuair a bhaintear úsáid cheart astu ag na h-amanna cuí. Ní uirlisí riachtanacha iad i saol an scoláire le linn dó/dí a bheith ar scoil áfach agus chuige seo tá polasaí soiléir ag an scoil chun cur isteach ar mhúineadh agus ar fhoghlaím a laghdú agus chun príobháideacht an duine a chosaint. Áirítear sa pholasáí seo gach uile chineál uirlisí thaifeadta chomh maith.

- ii. Ceadáítear do scoláirí fóin phóca a bheith ina seilbh ar scoil ach caithfidh siad a bheith múchta, sna púitsí agus as radharc taobh istigh de gheataí na scoile. Sa chás go bhfeictear nó go gcloistear fón póca nó go mbíonn fón póca in úsáid ag scoláire taobh istigh de gheataí na scoile bainfear an fón (agus an cárta Sim) ón scoláire agus coinneofar é go deireadh an lá scoile dár gcionn nuair a thabharfar ar ais don scoláire é.
- iii. Má sháraítear an polasaí seo an dara huair, nó má léiríonn an dalta drochbheasaí an chéad uair coinneofar an fón (agus an cárta Sim) sa scoil ar feadh seachtaine.
- iv. Ní dhéanfaidh bainistíocht na scoile aon phlé le scoláirí ná lena gcuid tuismitheoirí i dtaobh an pholasaí seo.
- v. Tá cosc iomlán ar thaifeadadh sa scoil, idir íomhá agus fhocail. Sa chás go ndéantar taifeadadh ar bhall foirne agus/nó má dhéantar ábhar an taifeadta a chlárú in aon fhóram poiblí, an t-idirlíon san áireamh cuirfear an scoláire ar fionraí láithreach agus tabharfar an cás os comhair Bhord Bhainistíochta na scoile agus d'fhéadfaí go ndéanfaí an scoláire a eisiamh ón scoil chomh maith le dul i muinín an dlí. Bainfear an uirlis thaifeadta ón scoláire agus coinneofar í go deireadh an téarma nó ar feadh tréimhse níos faide más gá.

Smachtbhannaí

Sa chás go mbíonn sárú rialacha ann caithfear smachtbhannaí a bheith ann a chuirfear i bhfeidhm go cothrom, go cóir agus go leanúnach. Braitheann na smachtbhannaí a chuirtear i bhfeidhm ar dháiríreacht shárú na rialacha chomh maith le minicíocht an tsáraithe. Má tá smachtbhanna le cur i bhfeidhm cuirtear an scoláire ar an eolas faoi chúis an smachtbhanna agus tugtar deis dó/di freagra a thabhairt.

I measc na smachtbhannaí a mbaintear úsáid astu tá;

- Réasúnú leis an scoláire
- An scoláire a cheartú chomh maith le comhairle a thabhairt faoi bhealach feabhsaithe
- An dalta a chur chuig seomra eile faoi stiúir mhúinteora
- Obair bhaile/scríofa bhreise
- Coinneáil siar roimh scoil nó ag am lóin
- Coinneáil siar tar éis scoile*
- Teagmháil le tuismitheoirí
- Cárta tuairisce
- Glanadh bialainne/scoile
- Coigistiú fóin shoghluaiste**
- Fionraí inmheánach/seachtrach
- Pribhléidí a bhaint
- Taisceadán a bhaint
- Ábhair nach bhfuil ceadaithe a bhaint ar feadh tréimhse(M.sh Cótaí míchearta, Seodraí, ceamaraí)
- Os comhair an Bhord Bhainistíochta
- Eisiamh

** Cuirtear é seo in iúl don tuismitheoir 24 uair a' chloig roimh ré

** Sa chás go sáraítear an riail seo, bainfear an fón ón dalta go dtí deireadh an lae dar gcionn.

Céimeanna i gCur Smachtbhannaí i bhFeidhm

Céim 1 -An Múinteoir Ábhair

I measc na smachtbhannaí anseo;

- i.** Foláireamh
- ii.** Obair bhreise/phionóis
- iii.** Seomra ranga a ghlanadh/trealamh a dheisiú
- iv.** Nóta ar VsWare
- v.** Teagmháil a dhéanamh le tuistí
- vi.** Scéal a chur chuig múinteoir ranga
- vii.** Scéal a chur chuig Ceann Bliana
- viii.** Coinneáil siar

Céim 2- An Múinteoir Ranga

- i.** Aon cheann de na smachtbhannaí thuas chomh maith le
- ii.** Scoláire a chur ar chárta tuairisce
- iii.** Tuairisc scríofa a fháil ó mhúinteoirí ábhar difriúla an dalta

Céim 3- An Ceann Bliana

- i.** Aon cheann de na smachtbhannaí thuas chomh maith le
- ii.** Coinneáil siar
- iii.** Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí
- iv.** Fionraí a mholadh
- v.** Bualadh le tuismitheoirí

I gcás mí-iompair d'aon chineál ba cheart, chomh maith le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm comhairle a chur ar an dalta faoin gcaoi lena (h)iompar a fheabhsú.

Ba cheart taifead scríofa a choinneáil de shárú rialacha, de na smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm agus den chabhair agus treoir a tugadh don dalta lena f(h)eabhsú.

Ról na dTuismitheoirí

Tá ról lárnach ag tuismitheoirí in oideachas a gcuid páistí agus chuige seo tá géarghá le comhoibriú agus comhpháirtíocht idir tuismitheoirí agus an scoil. Is ar leas gach duine é go nglacann agus go n-aontaíonn tuismitheoirí le cód iompair na scoláirí agus le smachtbhannaí a chuirtear i bhfeidhm.

Iarraimid ar thuistí:

- A bheith ar an eolas faoi chód iompair na scoile agus faoi pholasaithe na scoile
- Cur ar a gcuid páistí cloí le rialacha na scoile
- Cinnte a dhéanamh de go mbíonn a gcuid páistí ar scoil i gcónaí ach amháin i gcás tinnis go mbíonn siad in am i gcónaí
- Na dialanna obair bhaile a sheiceáil le bheith cinnte go mbíonn an obair bhaile ar fad déanta
- Cinnte a dhéanamh de go mbíonn éide scoile iomlán ar an dalta i gcónaí
- Freastal ar chruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí

Nós Imeachta i gCás Fionraí (Féach Polasaí Fionraí)

Is féidir dalta a chur ar fionraí baile má sháraítear riail nó rialacha go rialta.

Is faoi dhiscréid an Phríomhoide/ Príomhoide Táinisteach é seo a chur i bhfeidhm.

Nuair a chuirtear dalta ar fionraí cuirtear cúis an fhionraí in iúl dó/di agus dá t(h)uismitheoirí i scríbhinn.

Tá sé de cheart ag tuismitheoir nó dalta atá os cionn 18 mbliana d'aois achomharc a dhéanamh chuig an mBord Bainistíochta in aghaidh chinneadh an Phríomhoide. Idir an dá linn beidh an fionraí i bhfeidhm.

Sula dtagann an scoláire ar ais ón bhfionraí tá seans go mbeidh ar a t(h)uismitheoir(i) bualadh le Ceann Bliana an dalta nó leis an bPríomhoide/Leas-Phríomhoide

Nós Imeachta i gCás Eisiata (Féach Polasaí Eisiata)

Is féidir dalta a eisiamh ón scoil má fheictear d'údarais na scoile nár cheart don dalta a bheith sa scoil ar chúiseanna sábháilteachta nó sa chás go bhfuil iompar an dalta chomh míhásúil sin go sáraíonn sé/sí cearta chun oideachais na ndaltaí eile nó cearta na scoile chun oideachas a sholáthar.

Is é an Bord Bainistíochta amháin a mholfaidh go bhfuil dalta le heisiamh ón scoil ar mholadh ón bPríomhoide. Tugtar cead do thuismitheoirí an dalta (nó don dalta féin má tá ocht mbliana déag sáraithe aige/aici) a bheith i láthair ag cruinniú Boird ag a bhfuil moladh eisiata ann. Bíonn cead acu cás an dalta a dhéanamh más mian leo.

Cuirtear cinneadh an Bhoird in iúl do na tuismitheoirí chomh luath agus is féidir tar éis an chruinnithe agus mínítear dóibh gur féidir leo achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh an Bhoird chuig Fochoiste (Alt 29) an Bord Oideachais & Oiliúna. Tugtar 30 lá dóibh chun é seo a dhéanamh. Tagann an t-eisiamh i bhfeidhm 20 lá scoile i ndiaidh cinneadh an Bhoird a chur in iúl do thuismitheoirí. Sa chás nach n-éiríonn le hachomharc na dtuismitheoirí/an dalta ag Fochoiste (Alt 29) an Bord Oideachais & Oiliúna is féidir leo achomharc a dhéanamh chuig Coiste Alt 29 sa Roinn Oideachais agus Scileanna.